Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Eanáir 2026**
**(OR. en)**

**5239/26**

**ECOFIN 26**
**UEM 14**
**SOC 16**
**EMPL 4**
***EIB***
***ECB***

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5087/26 |
| Ábhar: | Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh — Conclúidí ón gComhairle (an 20.1.2026) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle i ndáil le Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh, a d’fhormheas an Chomhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais ag an 4148ú cruinniú a bhí aici an 20 Eanáir 2026.

**TUARASCÁIL 2026 MAIDIR LEIS AN SÁSRA FOLÁIRIMH**
**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS:

1. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go raibh an fás eacnamaíoch san Aontas seasta in 2025, cé nach raibh sé ach measartha, a bhuí le margadh saothair athléimneach, laghdú ar an mboilsciú agus dálaí fabhracha maoiniúcháin. AITHNÍONN SÍ go bhfuil athruithe struchtúracha agus éiginnteacht mhór gheopholaitiúil fós i ndán don gheilleagar domhanda, sa chaoi is go bhfuil timpeallacht sheachtrach níos dúshlánaí ann don Aontas. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí eacnamaíocha chun cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus fás cothrom a áirithiú.

2. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé i gcónaí an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha a chur chun feidhme chun míchothromaíochtaí a bhrath, a chosc agus a cheartú, ar míchothromaíochtaí iad a dhéanann dochar, nó a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh, d'fheidhmiú cuí geilleagair Ballstáit nó gheilleagar an aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta nó gheilleagar an Aontais ina iomláine. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh, lena dtionscnaítear an 15ú babhta bliantúil de chur chun feidhme an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha.

3. DEARBHAÍONN SÍ GUR DÍOL SÁSAIMH DI an anailís fhoriomlán atá sa Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go ndearnadh cuíchóiriú ar chuid de na breithnithe trastíre ar rioscaí míchothromaíochtaí, agus go bhfuil measúnú ar na rioscaí atá ann do chobhsaíocht mhacrairgeadais gheilleagar an Aontais sa Tuarascáil nua Mhaicreacnamaíoch Eorpach. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé go neartófaí an cur chuige iomlánaíoch maidir leis na rioscaí atá ann don chobhsaíocht mhaicreacnamaíoch, go ndéanfaí anailís leathan ar na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha ar fad, go ndíreofaí ar na Ballstáit agus go leanfaí d'fheiceálacht ghnéithe an Aontais agus an limistéir euro a chaomhnú san anailís. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh bunaithe ar léamh eacnamaíoch an Choimisiúin ar shonraí an scórchláir le haghaidh 2024, arna léirmhíniú ar bhealach réamhbhreathnaitheach. AITHNÍONN SÍ neamhchinnteacht na réamhaisnéisí agus a thábhachtaí atá sé féachaint ar athróga stoic agus sreafa araon le haghaidh na hanailíse ar rioscaí.

4. AONTAÍONN SÍ TRÍD IS TRÍD leis an measúnú a dhéantar sa Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh i ndáil le forás na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha agus na rioscaí atá ag teacht chun cinn. AITHNÍONN SÍ, cé go bhfuil laghdú ag teacht ar an mboilsciú ar an iomlán san Aontas agus go meastar go bhfanfaidh sé cobhsaí den chuid is mó, go bhfuil brúnna boilscitheacha ann fós i roinnt Ballstát. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go raibh tionchar ag an méadú éagsúil ar na leibhéil praghsanna agus costas sna blianta tar éis na paindéime ar sheasaimh choibhneasta na mBallstát ó thaobh an iomaíochais costais de.

5. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil laghdú tagtha ar fhiacha teaghlach agus corparáidí i bhformhór na mBallstát, cé gur minic go bhfanann siad os cionn na leibhéal is féidir a mhíniú le bunphrionsabail eacnamaíocha. TUGANN SÍ hAIRE, cé gur chabhraigh an fás ainmniúil ar OTI leis an gcobhsú ar chóimheasa idir fiachas agus OTI in 2024, go bhfuil cóimheasa fiachais roinnt Ballstát ard fós, agus go dtuartar go dtiocfaidh méadú ar na cóimheasa fiachais arís i mórán Ballstát mar gheall ar easnaimh leanúnacha. Ag an am céanna, meastar go dtiocfaidh laghdú ar na cóimheasa fiachais phoiblí i roinnt Ballstát.

6. AITHNÍONN SÍ go bhfuil méadú ag teacht ar imní roinnt mhaith Ballstát maidir le praghsanna arda tithe agus an fás atá ag teacht ar na praghsanna sin, agus go bhfuil dinimicí éagsúla ann ó thír go tír. AITHNÍONN SÍ gur féidir leis an soláthar neamhleaisteach a bhaineann le tógáil theoranta tithe nua difear mór a dhéanamh d’inacmhainneacht tithíochta agus soghluaisteacht an lucht saothair a laghdú, rud a chuireann isteach ar an iomaíochas réigiúnach agus náisiúnta ar an iomlán, a bhaineann an bonn den ghníomhaíocht eacnamaíoch agus a dhéanann na hiarmhairtí sóisialta níos measa.

7. LEAGANN SÍ BÉIM ar athléimneacht leanúnach earnáil baincéireachta an Aontais, ina gcoinnítear brabúsacht ard agus cóimheasa caipitil láidre ar bun. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil an méadú ar sciar na n-iasachtaí neamhthuillmheacha teoranta i gcónaí.

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go léiríonn barrachas seachtrach leanúnach an Aontais agus an limistéir euro infheistíocht níos ísle i gcomparáid le coigilteas, cé go bhfuil laghdú tagtha air i gcoibhneas leis an leibhéal a bhí ann roimh an bpaindéim. AITHNÍONN SÍ go bhfuil glansócmhainní suntasacha carntha ag roinnt Ballstát a bhfuil barrachais sheachtracha shuntasacha acu, rud a nochtann iad do rioscaí luaineachta luachála. AITHNÍONN SÍ go mbraitheann na Ballstáit a bhfuil easnaimh sheachtracha arda acu ar mhaoiniú seachtrach, rud a chuireann leis na leochaileachtaí i gcás braistintí riosca atá ag dul i méid. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur lean staideanna glana infheistíochta idirnáisiúnta diúltacha de bheith ag feabhsú ar an mórgóir, agus gur tháinig méadú mór freisin ar mhórstaideanna glana seachtracha dearfacha .

9. TUGANN SÍ DÁ hAIRE rún an Choimisiúin grinn-athbhreithniú a ullmhú do na seacht mBallstát a sainaithníodh mar Bhallstáit a raibh míchothromaíochtaí nó míchothromaíochtaí iomarcacha acu in earrach 2025. IARRANN SÍ go bhfoilseofaí grinn-athbhreithnithe i bhfad sula bhfoilseofar Pacáiste an Earraigh de Sheimeastar Eorpach 2026.

10. TUGANN SÍ DÁ hAIRE, i gcás ceithre Bhallstát eile, gur chinn an Coimisiún gur fiú aird a thabhairt ar roinnt forbairtí freisin, fiú mura bhfuil gá le grinn-athbhreithniú a dhéanamh ina leith ag an bpointe seo. Áirítear leo sin, go háirithe, méaduithe carnacha ar phraghsanna le blianta beaga anuas agus an méadú mór leanúnach ar chostais saothair aonadacha a bhfuil tionchar aige ar an iomaíochas costais. Ina theannta sin, ní mór dlúthfhaireachán a dhéanamh ar na méaduithe tapa atá ag teacht ar phraghsanna tithe agus ar fhás creidmheasa.

11. IARRANN SÍ go leanfaí den Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha a chur chun feidhme go héifeachtach agus go héifeachtúil, agus go gcuirfí i bhfeidhm é ar bhealach atá trédhearcach agus comhsheasmhach go cothrománach, in éineacht leis an gcreat rialachais eacnamaíoch athchóirithe, agus é ina dhlúthchuid den Seimeastar Eorpach. LEAGANN SÍ BÉIM ar na hidirghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann idir athróga maicreacnamaíocha éagsúla.

12. IARRANN SÍ ar na Ballstáit tabhairt faoi ghníomhaíocht thráthúil bheartais atá dírithe ar leochaileachtaí maicreacnamaíocha a laghdú, lena n-áirítear trí athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha, faoin Seimeastar Eorpach, go háirithe iad siúd a bhaineann leis an Nós Imeachta um Míchothromaíochtaí Maicreacnamaíocha.

13. MEASANN SÍ GUR DEN TÁBHACHT go bhfeabhsaítear cumas na mBallstát freagairt ar shuaití agus go dtacaítear leis an bhfás agus an cóineasú eacnamaíoch trí mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú, agus go rannchuidítear le hathléimneacht fhoriomlán gheilleagar an Aontais a neartú trí mhíchothromaíochtaí a laghdú, rud a mbíonn iarmhairtí dearfacha aige.